

An tSraith d'Ábhair Theicneolaíochta

Dúshláin Scoláirí - 11ú Bealtaine



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid



Dúshlán Teicneolaíocht Fheidhmeach

Dúshlán 9



Cad é? Cad é faoi? Cad é anois? Cabhraíonn sé leat foghlaim níos fearr agus déanann sé d'eispéiris foghlama níos taitneamhaí má dhéanann tú machnamh go rialta. Roghnaigh tionscadal nó tasc a rinne tú i mbliana.

Cad é a d'fhoghlaim tú agus conas a d'fhorbair do chuid scileanna?

Cad é a d'inis sin duit faoi do láidreachtaí agus faoi na bearnaí i do thuiscint?

Cad iad na chéad chéimeanna eile chun cur le d'eolas, scileanna agus tuiscint?

Cruthaigh póstaer nó Meabhairmhapa chun do mhachnamh ar do chuid foghlama a chur in iúl tríd an tionscadal nó an tasc seo.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a sháru:

Chun níos mó a fhoghlaim faoi mhachnamh amharc ar an bhfíseán seo a leanas: <https://youtu.be/vGyjF9Ngd8Y>

Téigh chuig <https://coggle.it/> chun níos mó a fháil amach faoi mheabhairmhapaí.

Dúshlán 10



'The force strong in this one is'

Tharla gur ar 4ú Bealtaine a eisíodh go poiblí an scannán The Rise of Skywalker agus in áit May the 4th, deir lucht leanta Star Wars le gean, 'May the force be with you'!

Tá mórán scannán, ina measc iad siúd faoi shaincheadúnas Star Wars, atá á gcruthú anois ag úsáid íomhánna Ríomhghinte (CGI).

1. Cén teicneolaíocht a úsáidtear chun CGI a chruthú?
2. Cá n-úsáidtear CGI sa ghnáthshaol laethúil?
3. Cruthaigh íomhá, ag úsáid aip ó na meáin shóisialta, de do rogha rud, forshuite ar chúlra / scagaire.

Bain úsáid as do shamhlaíocht!

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a sháru:

Léiríonn an ghearrthóg seo conas a cuireadh feabhas ar roinnt de na scannáin is fearr linn ag úsáid CGI.

<https://www.youtube.com/watch?v=q1QVoGszY6M>

Coimhead ar an bhfíseán thíos le foghlaim conas a chuirtear cúlra le pictiúir <https://www.youtube.com/watch?v=1VQmcf16v5A>



Dúshlán Innealtóireachta

Dúshlán 9



Dear agus **tóg** do rollchóstóir féin a ligfeadh do liathróid leadóg thábla nó do mhirlín saorthitim thart ar an raon. Ba chóir gur mó ná 10 soicind agus gur lú ná 30 soicind a ghlacfaidh sé ar an liathróid a ceann scríbe a bhaint amach.

Léirigh do dhearadh le físeán 2 nóiméad agus le guthú a chuireann síos ar an gcaoi a ndearna tú an struchtúr, conas a sháraigh tú na dúshlán struchtúir agus cuir clabhsúr leis an bhfíseán le híomhá den liathróid ag saorthitim chun a ceann cúrsa.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

[Seo](#) físeán gearr ina leagtar amach cur chuige amháin ach is féidir iliomad cuir chuige a úsáid le hábhair dhifriúla.

Téigh chuig an [nasc](#) seo a thabharfaidh fíorléargas duit ar “Lá i Saol an Innealtóra Struchtúr”.

Dúshlán 10



Tá teorainn leis an méid acmhainní sa domhan is féidir le daoine a bhaint as an talamh chun tithe, carranna, ríomhairí agus a lán rudaí eile a dhéanamh. Ní mór d'innealtóirí sa todhchaí réitigh chliste a cheapadh chun táirgí a mhonarú i gcomhair daonra atá ag méadú.

Ag úsáid na nasc físe le foghlaim faoi phróiseas na hathchúrsála agus faoin maireachtáil inbhuanaitheach, déan taighde ar 10 rudaí i do theach is féidir a athchúrsáil agus dear póstaer a ligeann do do chairde a aithint go héasca cad é is féidir a athchúrsáil agus conas é sin a dhéanamh go héifeachtúil.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:


Cliceáil [anseo](#) chun siúl tríd an turas fíorúil seo d'ionad athchúrsála.

Téigh chuig an [nasc](#) seo le haghaidh roinnt smaointe agus cuir chuige chun do bhaile a dhéanamh níos inbhuanaithe don timpeallacht.



Dúshlán Grafaice

Dúshlán 9



Feicfidh tú thuas mionsamhail de ‘chlár plánaí’ a léiríonn na teilgin de shamhail 3T ar phlánaí ingearacha agus cothrománacha.

Ag baint úsáid as réad de do chuid féin, cruthaigh samhail mar seo a thaispeánann a radhairc theilgthe (Ingearchló, Taobhchló agus Bonnchló).

Is féidir amharc ar fhíseán teagaisc den phróiseas sin thíos.

Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Seo [físeán](#) a léiríonn na céimeanna a bhaineann le samhail 3T a chruthú de réad a teilgeadh ar phlánaí ingearacha agus cothrománacha.

Dúshlán 10



Is samplaí iad **tadhlaíthe** agus **roinnt chothrom línte** de thógálacha céimseata a úsáidimid go minic inár gcuid líníochtaí sa Ghrafaic.

Cá mhéad sampla de na cineálacha sin tógálacha geoiméadracha is féidir leat a fheiceáil i do thimpeallacht féin?

Déan colláis de do shamplaí.


Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Seo duit roinnt ranganna teagaisc ar thógálacha féideartha a úsáidtear chun [tadhlaí a thógáil](#) le ciorcal go cruinn agus chun [líne a roinnt](#) ina chodanna cothroma.



Dúshlán Teicneolaíocht Adhmaid

Dúshlán 9



Troscán sa bhaile agam

Tóg pictiúr de bhall troscáin nó d'aon rud adhmaid i do theach.

Breathnaigh na físeáin thíos ar sceitseáil pheirspictíochta.

Déan sceitse / líníocht den bhall troscáin i bpeirspictíocht.

Cuir dathú, scáthú agus rindreáil le do sceitse.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Clliceáil [anseo](#) le haghaidh físeáin ar an dóigh le cathaoir a sceitseáil i bpeirspictíocht.

Clliceáil [anseo](#) le haghaidh físeáin ar an dóigh le bord oifige a sceitseáil i bpeirspictíocht.

Dúshlán 10



Dúshlán Dearaidh

'Cuairt ar an nGarraí'

Dear déantúsán chun foscadh nó bia a thabhairt d'éiníní i do gharraí, balcóin nó aon áit lasmuigh.

Clliceáil na naisc thíos i gcomhair smaointe dearaidh agus teicnící sceitseála.

Sceitseáil do smaoinemh uathúil dearaidh féin.

Cruthaigh samhail de do dhearadh deiridh ó chairtchlár nó trí ábhair eile a uaschúrsáil.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Clliceáil [anseo](#) le haghaidh smaointe dearaidh agus inspioráide.

Clliceáil an [físeán](#) seo ar an dóigh le sceitse a dhéanamh de theach éin.

Clliceáil an [físeán](#) seo ar an dóigh le samhail a dhéanamh as cairtchlár.

Múinteoirí Teicneolaíochta ...

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a dhearadh agus a thiomsú i gcomhair múinteoirí a chaithfeadh a bheith ag plé le cianteagasc. Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí seo ach moltaí féideartha faoi na tascanna a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh.

Is cóir gurb í an aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí féin a chuirfeadh bonn eolais faoina gcinneadh i dtaobh na ngníomhaíochtaí is fearr a d'fhóirfeadh dá scoláirí.

Ba mhian linn taispeántas a dhéanamh de fhreagraí na scoláirí ar na dúshlán gach Aoine ar ár leathanach gíolcaireachta Jct4

Dá mba mhian leat freagraí do scoláirí a bheith le feiceáil, cuir íomhánna den obair s'acu chuig an seoladh r-phoist Jct4 seo a leanas: michael.lynch@jct.ie



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid